

# ❁ An Lúibín ❁

3 Deireadh Fómhair 2011

## Comórtas ealaín do na Gaeil thar lear

Tá Glór na nGael i mbun chomórtas cártaí Nollag 2011 agus dhá chuid ann – ceann do dhaoine óga faoi 16 bliana d’aois agus ceann do dhaoine fásta. Beidh sé dhuais de €500 ag dul do na cártaí is fearr, sin trí cinn i ngach rannóg.

Seo na critéir:

- Caithfidh teachtaireachtaí ar na cártaí a bheith i nGaeilge;
- Caithfidh na hiontrálaithe bheith ina gcónaí taobh amuigh d’Éirinn;
- Caithfidh na cártaí a bheith ag Glór na nGael roimh 31 Deireadh Fómhair 2011;
- Ní chóir go mbeadh iontrálacha níos mó ná leathanach A4;
- Caithfear úsáid a bhaint as na hábhair seo a leanas: péint, pinn luaidhe, criáin, pastail/cailec nó dúch ar pháipéar nó ar chárta;
- Ba chóir mionsonraí teagmhála an iontrálaí a bheith leis an iontráil;
- Ní chuirfear na hiontrálacha ar ais chun na n-iontrálaithe.

Caithfear iontrálacha a chur chun:

Glór na nGael  
Ráth Cairn  
Baile Átha Buí  
Contae na Mí  
Éire

Is féidir scanachán a chur chun Glór na nGael ag [fiosrú@glornangael.ie](mailto:fiosrú@glornangael.ie).



## Comhdháil

Tá Comhdháil ar Litríocht agus Cultúr na Gaeilge, 2011, chugainn: Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 7 Deireadh Fómhair. Lá fada a bheidh ann, agus lá lán. Seo cuid dá mbeidh ar siúl ann:

Aengus Finnegan: *Meath na Gaeilge san Iarmhí: Próifil na gCainteoirí Deireanacha.*

Nollaig Ó Muraíle: *Blúire de shoiscéal apacrafúil Gaeilge a breacadh i mBréifne sa cheathrú haois déag.*

Ailbhe Ní Ghearbhuigh: *‘Craoibhín Probençal’: An Athbheochan, Frithábharchas agus Mistral.*

Liam Ó hAisibéil: *Úsáid GIS d’fhonn anailís a dhéanamh ar eilimintí topagrafacha i logainmneacha.*

Hugh Rowland: *‘Rush the Gates!’ Cuntais chodarsnacha ar chruinniú iomráiteach an Language Freedom Movement i dTeach an Ardmhéara.*

An Dr. Conchúr Ó Giollagáin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge: *An Ghaeilge sa Dátheangachas: Foláireamh do Mhionteangacha an Domhain.*

Méadhbh Nic an Airchinnigh: *Is le gach bó a lao agus is le gach caoineadh a cheol.*

Niall Ó Ciosáin: *Céard a bhí i gceist le cumas léitheoireachta Gaeilge san 18ú agus 19ú céad?.*

Máire Breatnach: *Uirbiú na nAmhrán: Sealbhú agus Seachadadh Thraidisiún an tSean-nóis i gComhthéacsanna 'Neamhthraidisiúnta' – i dtreo fráma tagartha teorice.*

Philip Fogarty: *'Bhíodar ann ach d'imíodar': Gaeltacht an Chláir trí shúile na dtaighdeoirí agus na mbailitheoirí béaloidis, 1926-1956.*

Rhona Ní Chearbhaill: *Téama na haisimirce mar a léirítear i bprós Chonamara agus Árann é .*

Níl sa mhéid sin ach sampla measartha gearr, agus bheadh súil agat go bhfoilseofaí na páipéir go léir ina leabhar snasta amach anseo. Breis eolais: [fiona.depaor@oegaillimh.ie](mailto:fiona.depaor@oegaillimh.ie).



### Réaltbhuíonta na nGael

Am éigin idir na blianta 1500 agus 1550 a scríobhadh *Ranna an Aeir* ('réaltbhuíonta na spéire'), agus léargas ann ar an tsuim a bhí ag na Gaeil sna réaltaí: 'Fiarfaighthear and so ca lin rann fuil annsan aer eidir deisceart & tuaisceart' (*Fiafraítear anseo cá mhéad réaltbhuíon atá sa spéir idir deisceart agus tuaisceart*). Na hainmneacha Gréag-Rómhánacha a úsáidtear, agus mínítear na réaltbhuíonta dá réir, rud a léiríonn an t-eolas a bhí ag an aos dána ar ghnáthléann Laidine na meánaoiseanna.

Tá ainmneacha dá gcuid féin ag na Gaeil ar chuid de na reanna spéire, ar nós Bhealach na Bó Finne, ach is léir gurb é an Seanreacht Clasaiceach is mó a chuaigh i réim sna cúrsaí seo in Éirinn. Sa sliocht thíos is é Serpens (Serpens - an Phéist) atá i gceist.

**Serpens;** i. nathair neimhe sin neoch nar codail aen-locudh tre bithu sir & agg Iunainn ruthaidh sin; i. bandei eisein. Dobi si a coimet lubhgoirt na n-Issperda; do bith si do gnat a sliab Athlaid. & as i a nathair sin do coimetad an lubhgort sin, & ubla orda no bidis fair. & tainic Hercail iarsin & ro marb in nathair sin & ro cuireadh eidir na rannaib i trit sin. & Tíría ainm ele do nathair sin neoch ro barbadh fri Hearcail. & seacht cind dobidh urrtaigh ar tus; & an tan ro beanta aen ceand dib di, ro fasadh seacht cind 'na inadh; conadh eadh donid Hearcail ria iardain, intan do beanadh ceann dib di ro loisceadh an ceann agus a inadh, & ni fasadh ceann na inadh furri, no gur marb hi mar sin.

*Serpens; i.e. nathair nimhe í sin nár chodail aon nóiméad leis na cianta cairbreacha, agus ba le Iúnó sciambach í: ba bbandia í (Iúnó). Bhí an nathair ag coimbéad luibhghort na Heispiridí agus bhí sí riamh i Sliabb Atlais; agus is í an nathair sin a choimbéadadh an luibhghort sin, agus úlla órga a bhíodh ann. Agus tháinig Earcail ansin agus mbaraigh an nathair sin agus cuireadh idir na réaltbhuíonta í tríd sin. Agus Tíría ainm eile na nathrach sin a bhásaigh Earcail, agus seacht gcinn a bhí uirthi ar dtús; agus nuair a bhaintí ceann ambáin díbh di d'fhásadh seacht gcinn ina ndiaidh, agus is é a rinne Earcail léi, nuair a bhaineadh sé ceann díbh di go loisceadh sé an ceann agus a ionad, agus ní fhásadh ceann ina ionad uirthi, nó gur mbaraigh sé i mar sin.*

Ní í Crua-Ghaeilge na scol atá le fáil anseo ach Gaeilge nach bhfuil rófhada ó chaint na ndaoine agus atá oiriúnach chun eolas feidhmiúil a nochtadh. B'fhurasta do na scamail teacht idir an tsúil agus an spéir in Éirinn riamh, ach bhí na réaltbhuíonta ann i gcónaí agus b'fhiú amharc a fháil orthu agus ainm a thabhairt orthu. Ní raibh san eolas sin ach cuid bheag den léann a tháinig chun na hÉireann ón Eoraip

trí Laidin agus a bhí ina chuid den dúchas as sin amach. Thosaigh an méid sin chomh luath le teacht na Críostaíochta sa 5ú haois agus leanadh de mar chuid den tsíormhalairt léinn idir an t-oileán thiar agus an domhan thoir. Tháinig an Scairp ar an spéir dá bharr:

**Scoirpius**, i. nathair neimhe. & as amhlaidh robí a nathair sin, arna foghlugadh an dibh rannaib; i. arna dealughadh maille re moran do nathrachaib & do examhlacht ainmhinteadh: & bhaill n-ingantach n-adhfuathmur n-examhaíl a leanmhain di as a corp amach; gurab ar med na m-ball sin dobi aici adubairt gach neach da facaidh & da cualaidh hi co muirfeadh gach ainmighi dar geinedh ar talmain acht muna beth adragan aturru & an scoirp hi sin. Gurab oire sin ro suightheadh eidir na rannaib hi.

*Scorpius, i.e. nathair nimhe. Agus is amhlaidh a bhí an nathair sin, í roinnte ina dhá cuid, i.e. dealaithe maille le mórán de nathracha agus d'ainmhithe éagsúla; agus baill iontacha adhbhuafara éagsúla a leanúint di as a corp amach; gurb ar mbéid na mball sin a bhí aici a dúirt gach neach dá bhfaca agus dár chuala í go maróidh sí gach ainmhithe dár gineadh ar talamh mura mbeadh dragan eatorthu agus an scairp sin. Ar an gcúis sin a suíodh idir na réalbhuíonta í.*

Tá an téacs iomlán, le haistriúchán Béarla, le fáil ag:

**CELT Corpus of Electronic Texts: Ranna an aeir:** <http://celt.ucc.ie/published/G602002/index.html>



### **Bás an Locha**

Pictiúr é a théann i bhfeidhm ort – soitheach mór ina suí ar mhachaire salainn agus í tréigthe le fada. Go dtí seo is beag duine lasmuigh den Mheán-Oirthear a chuala trácht ar Loch Orumieh (Urmia), an loch is mó sa réigiún agus é le fáil idir an Asarbaiseáin Thiar agus an Asarbaiseáin Thoir, dhá chúige thuaisceartacha den Iaráin. Loch salannach é, rud a fhágann imir ar leith ann, agus páirc náisiúnta anois é; tá baint aige le 212 spéiceas d'éin, 41 reptíl, seacht ndébheathach agus 27 spéiceas de mhamalach. Tá sé aitheanta ag UNESCO mar bhithsféar ar leith. Ba dhóigh leat, mar sin, go dtabharfaí aire ar leith, go háirithe ó tá cuimhne ar shampla uafásach Mhuir Aral, áit iontach sa réigiún céanna a ndearnadh fásach de le linn an Aontais Shóivéadaigh. Is léir gurb í an chríoch céanna atá i ndán do Loch Orumieh, agus nach dtuigeann rialtas na hIaráine cé chomh dona is atá an scéal.

Tá méadú mór tagtha ar shalandacht an locha agus tá cuid mhaith de tirim ar fad anois. Cúiseanna éagsúla atá leis seo – triomach, éileamh ar uisce in abhantrach an locha, dambaí a thógáil ar 13 abhainn a thugadh uisce isteach. Ní fearrde an scéal cabhsa a thógáil trasna an locha, agus é ina bhac anois ar ghluaiseacht an uisce idir an dá leath. Thagadh na mílte éan imirceach, ar nós na lasairéan, na gcorr leitheadach, na seil-lachan agus na bhfaoileán, chun an locha, ach ní áit chuí dóibh anois é, agus sin gan trácht ar an díobháil atá déanta don iasc. Dá dtriomódh grinneall an locha ar fad scaipfeadh an ghaoth an salann ar na páirceanna máguaird.

Is léir, ar ndóigh, go raibh an loch ag athrú riamh. D'athraigh an fásra máguaird de réir na tréimhse – féarach nó coillte – agus bhí an méid uisce ag méadú nó ag laghdú ar feadh na mílte bliain de réir luaineacht na haeráide – oighear inniú agus brothall amárach. Bhí leibhéal an uisce an-íseal ar feadh an dá oighearaois dheireanacha. Ach daoine is cúis le cuid mhaith den fhadhb atá anois ann, agus daoine a chaithfidh í a fhuascailt.

Scéal é a dhúisigh conspóid: daoine ag teacht amach in Tabriz agus in Orumieh tar éis gur dhiúltaigh an pharlaimint náisiúnta dlús a chur le huisce a sholáthar don loch ó abhainn áitiúil. Chuir dhá Fheisire is fiche a n-ainm le litir ag iarraidh ar an rialtas rud éigin a dhéanamh. D'ionsaigh na fórsaí slándála na hagóideoirí le bataí agus deorghás, freagra a thug le fios gur mór an eagla atá ar na húdarais roimh

léirsiú ar bith faoi scéal ar bith. Ach fuair na hagóideoirí slí eile chun a bhfearg a chur in iúl – sluáin a scairteadh ag cluichí peile, fiú in Tehran, an phríomhchathair.

Tá Loch Orumieh le fáil i lár réigiún na nAsarach, pobal ar leith i bPoblacht Ioslamach na hIoráine nach bhfuil aird a ndóthain á tabhairt orthu, dar lena gcuid gníomhaithe. Is beag fianaise atá ann go bhfuil cúis pholaitiúil á déanamh den scéal, ach is dócha go bhfuil na húdaráis san airdeall, agus os cionn 30 milliún Asarach ann. Níor ceadaíodh do na meáin cuntas iomlán a thabhairt ar na hagóidí.

Le léamh:

'Shrinks: Football chants and street protests raise profile of fight to save Unesco-listed site,' Saeed Kamali Dehghan, *The Guardian*, 5/9/11.

Strategic Outlook: 'Iran's Environmental Ticking Bomb':

<http://www.strategicoutlook.org/2011/09/iran%E2%80%99s-environmental-ticking-bomb/>

'Rally protesting Iran over Lake Urmia turns violent,' *Hurriyet Daily News*, 1/9/11:

<http://www.hurriyetaidailynews.com/n.php?n=rally-protesting-iran-over-lake-urmia-turns-violent-2011-09-01>



### Lorg na méar

Rud an-ghar dúinn is ea lorg na méar – comhartha agus cuimhne ar bheatha an duine, ar an daonnacht féin. Nuair a fhaightear an lorg sin ar dhéantúsáin atá os cionn 8,000 bliain d'aois, corraíonn sé an croí; mothaímid brú na lámh úd ar fada ina luaith iad.

Ízmir an áit. Sa Tuirc atá sí agus í ina háit ilchathrach anois. Smyrna a thugtaí ar an tseanchathair. Stair fhada aici, stair a bhí suaite, corraithe go minic. Í ar na háitribh is ársa de chuid na Meánmhara, agus is fada seandálaithe ag déanamh taighde ar láithreáin fhíorshuimiúla. Is iomaí dream a d'fhág a rian ar an áit: an pobal Neoiliteach a bhí ann chomh chomh fada siar le 7000 RCh, na Hitigh, na Gréagaigh, na Rómhánaigh agus na hOtamánaigh.

Tá Yeşilova Höyüğü ar na láithreáin is sine sa réigiún, agus is ann a tháinig foireann faoi cheannas Zafer Derin ar roinnt potaí a rinneadh de chré na háite timpeall 8,500 bliain ó shin, cré a bhfuil ábhar ann a chuidíonn le lorg na méar a nochtadh. Mná agus páistí a bhí i gceist. Rinne tine dochar mór do na potaí agus thréig na daoine an áit, ach d'fhág siad cuid díobh féin ina ndiaidh.

Tá eolas iomlán le fáil fós ar bheatha an phobail seo. Dhéanaidís lampaí ola de chraiceann ainmhí, bhí tábhacht ar leith le híomhá an tairbh, agus dhéanaidís áit adhartha de chuid de na seomraí ina dtithe. Ach tá saol eile le nochtadh, saol a d'fhág a rian ar an gcré dhóite.

Le léamh:

'8,500-year-old remains unearthed in western city,' *Hurriyet Daily News*, 5/9/11:

<http://www.hurriyetaidailynews.com/n.php?n=8500-year-old-remains-unearthed-in-western-city-2011-09-05>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).

## Réaltbhuíonta na nGael

Am éigin idir na blianta 1500 agus 1550 a scríobhadh *Ranna an Aeir* (‘réaltbhuíonta<sup>1</sup> na spéire’). Úsáidtear ainmneacha Gréag-Rómhánacha<sup>2</sup> ann, agus mínítear na réaltbhuíonta dá réir.<sup>3</sup>

Mar shampla, insítear dúinn scéal na Péiste (Serpens). Seo nathair nimhe<sup>4</sup> nár chodail riamh, nathair ar le hLúnó (bandia álainn) í.<sup>5</sup> Bhíodh an nathair ag coimhead<sup>6</sup> luibhghort<sup>7</sup> na Heispirídí mar a mbíodh<sup>8</sup> úlla órga. Seacht gcinn a bhí uirthi ar dtús; agus nuair a bhaintí ceann amháin díbh di<sup>9</sup> d’fhásadh seacht gcinn eile. Bhain Earcaíl an ceann di agus loisc sé é agus an áit a mbíodh sé. Níor fhás aon cheann eile.

Níl Gaeilge an chuntais ródheacair. Seo cuid den léann a tháinig chun na hÉireann ón Eoraip trí Laidin. Tháinig scéal na Scairpe (Scorpio) dá bharr. Deirtear sa mhíniú<sup>10</sup> gur ‘nathair’ í a bhí dealaithe ina dhá cuid<sup>11</sup> agus géaga uafásacha aici. Dúirt gach duine go raibh sí an-chontúirteach, agus dá bhrí sin<sup>12</sup> cuireadh in airde i measc na réaltbhuíonta í.

## Bás an Locha

Loch mór san Iaráin is ea Loch Orumieh (Urmia), agus is loch salannach<sup>13</sup> é. Tá mórán ainmhithe agus éan ann agus tá sé aitheanta ag UNESCO mar áit speisialta. Ach tá fásach á dhéanamh de, agus ní thuigeann rialtas na hIaráine cé chomh dona is atá an scéal.

Tá méadú mór tagtha ar shalandacht<sup>14</sup> an locha agus tá cuid mhór de tirim ar fad anois. Níl mórán uisce ag teacht isteach sa loch. Tá triomach ann agus tá dambaí tógtha ar na haibhneacha atá ag rith isteach sa loch. Dá dtriomódh an loch<sup>15</sup> ar fad scaipfeadh an ghaoth an salann ar na páirceanna.

Is léir, ar ndóigh, go raibh an loch ag athrú riamh. D’athraigh sé de réir mar a d’athraigh an aeráid, agus tháinig athrú ar an bhfásra chomh maith. Ach deirtear gurb iad na daoine féin atá freagrach as<sup>16</sup> le cuid mhór den fhadhb atá anois ann.

Dhiúltaigh an pharlaimint náisiúnta breis uisce a chur isteach san loch agus rinneadh agóidí ar na sráideanna dá bharr. Thosaigh daoine ag déanamh agóidí ag cluichí peile.

<sup>1</sup> Réaltbhuíonta – constellations

<sup>2</sup> Ainmneacha Gréag-Rómhánacha – Greco-Roman names

<sup>3</sup> Dá réir – accordingly

<sup>4</sup> Nimhe - poisonous

<sup>5</sup> Nathair ar le hLúnó í – a serpent which belonged to Juno

<sup>6</sup> Ag coimhead - guarding

<sup>7</sup> Luibhghort – plant-garden

<sup>8</sup> Mar a mbíodh – where there were (used to be)

<sup>9</sup> Nuair a bhaintí ceann amháin díbh di – when one of the heads was taken from her (di)

<sup>10</sup> Míniú - explanation

<sup>11</sup> Dealaithe ina dhá cuid – divided in two

<sup>12</sup> Dá bhrí sin – because of that

<sup>13</sup> Loch salannach – salt lake.

<sup>14</sup> Salandacht - salinity

<sup>15</sup> Dá dtriomódh an loch – if the lake were to dry

<sup>16</sup> Freagrach as – responsible for

Tá Loch Orumieh le fáil i réigiún na nAsarach,<sup>17</sup> pobal ar leith<sup>18</sup> a bhfuil a gcultúr agus a dteanga féin acu. B'fhéidir nach scéal polaitiúil fós é, ach is dócha go bhfuil na húdaráis san airdeall.<sup>19</sup> Níor ceadaíodh do na meáin<sup>20</sup> cuntas iomlán a thabhairt ar na hagóidí.

### **Lorg na méar**

Rud an-phearsanta is ea lorg na méar.<sup>21</sup> Nuair a fhaightear an lorg sin ar dhéantúsáin<sup>22</sup> atá os cionn 8,000 bliain d'aois, corraíonn sé an croí.

Fuair siad in Ízmir, áit sa Tuirc, iad. Tá stair fhada ag Ízmir, agus is fada seandálaithe<sup>23</sup> ag obair ann. Is iomaí dream<sup>24</sup> a d'fhág a rian<sup>25</sup> ar an áit.

Tá Yeşilova Höyüğü ann, ceann de na láithreáin is sine sa réigiún. Tháinig seandálaithe ar photaí cré a rinneadh timpeall 8,500 bliain ó shin. D'fhág mná agus páistí lorg a méar orthu. Tá mórán eolais le fáil fós ar bheatha an phobail sin, ach tá rian na ndaoine ar an gcré dhóite.

---

<sup>17</sup> Asarach - Azeri

<sup>18</sup> Pobal ar leith – a distinctive community

<sup>19</sup> San airdeall – on the alert

<sup>20</sup> Níor ceadaíodh do na meáin – the media were not permitted

<sup>21</sup> Lorg na méar - fingerprints

<sup>22</sup> Déantúsáin – artefacts

<sup>23</sup> Seandálaithe - archeologists

<sup>24</sup> Is iomaí dream – many a group

<sup>25</sup> A rian – their trace